C/2025/6241

19.11.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6241)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Cirò'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0610-AM02 - 28.8.2025

1. **Ainm an táirge**

'Cirò'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ TGFC

☑ ATFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☐ Táirgí talmhaíochta

☑ Fíon

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta – An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta – An Ard-Stiúrthóireacht um Cháilíocht Agraibhia a Chur Chun Cinn – PQA I

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Deimhnítear go gcomhlíonann formheas agus teachtaireacht an leasaithe chaighdeánaigh sin na coinníollacha maidir le formheas ar leasú caighdeánach faoi Rialachán (AE) 2024/1143 agus na forálacha arna nglacadh dá bhun.

Tagann an leasú sin faoin sainmhíniú ar 'leasú caighdeánach' dá bhforáiltear in Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

— níl i gceist leis athrú ar ainm ná ar úsáid an ainm, ná ar chatagóir an táirge nó na dtáirgí arna n-ainmniú leis an tásc geografach;

— níl baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc leis an limistéar geografach dá dtagraítear sa doiciméad aonair ar neamhní;

— níl aon srian breise ar mhargú an táirge i gceist leis.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Ceannteideal

Fíonta de chineál 'Classico' a bhaint

Tuairisc

Ós rud é gur aithníodh 'Cirò Classico' mar ATFC ar leith, baineadh fíonta de chineál 'Classico' agus gach tagairt dóibh. Is éard atá i gceist leis an leasú freisin an téarma 'Classico' a bhaint den roinn 'Téarmaí traidisiúnta'.

Baineann an leasú le hAirteagail 1, 3, 5, 6, 7, 8 agus 9 den tsonraíocht táirge agus le ranna 6 'Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)' agus 7.1 'Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh' den doiciméad aonair.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Ceannteideal

An tagairt don chomhlacht rialúcháin a scriosadh.

Tuairisc

Leasaíodh an t-airteagal sa tsonraíocht ina raibh tagairtí don chomhlacht rialaithe, agus cuireadh tagairt d'fhoilsiú ar shuíomh gréasáin oifigiúil údarás inniúil an Bhallstáit in ionad na faisnéise.

Baineann an leasú sin le hAirteagal 10 den tsonraíocht táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le fíon

'Cirò'

Uimhir thagartha AE: PDO-IT-A0610-AM02 - 28.8.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Cirò'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☑ ATFC

☐ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143**

2204 - Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

5. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna mar a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013**

(1) Fíon

6. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

Táirge fíniúna

Cirò rosso (dearg)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: dath an rúibín de dhéine éagsúil, le himireacha corcairghorma, agus dath an ghairnéid ag teacht air i bhfíonta ‘Riserva’

Dea-bholadh

Boladh: deas, éadrom, an-fhíonach

Blas

Blas: tirim, tathagach, te, comhchuí, mín le haosú.

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 12,50 %; 13,50 % i gcás an chineáil ‘Superiore’

Eastóscán íosta saor ó shiúcra: 20,0 g/l;

Iarmhar siúcra dhí-ocsaídithe: uasmhéid 4,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Cirò rosato (rosé)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: bándearg de dhéine éagsúil

Dea-bholadh

Boladh: séimh agus fíonmhar

Blas

Blas: idir tirim agus leath-thirim, úr, comhchuí agus deas

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach

Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 12,50 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra 17,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

Táirge fíniúna

Cirò bianco (bán)

Tréithe orgánaileipteacha

Cuma

Dath: buí ar dhath an tuí de dhéine éagsúil agus d'fhéadfadh imreacha glasa a bheith ann

Dea-bholadh

Boladh: comhchuí, deas

Blas

Blas: idir tirim agus leath-thirim, comhchuí, éadrom, sainiúil

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe orgánaileipteacha

-

Saintréithe anailíseacha:

Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte):	-
Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte):	-
Aigéadacht iomlán íosta:	4,5
Aonad aigéadachta iomláine íosta:	i ngraim in aghaidh an lítir arna sloinneadh mar aigéad tartarach
Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir):	-
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir):	-

Faisnéis bhreise maidir le saintréithe anailíseacha

Neart alcóil iarbhír íosta de réir toirte: 11,00 %

Eastóscán íosta saor ó shiúcra 16,0 g/l.

☑ Tá aon saintréith anailíseach nach léirítear sa roinn seo laistigh de na teorainneacha a leagtar síos i reachtaíocht an Aontais is infheidhme.

7. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

7.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha a úsáidtear chun an fíon nó na fíonta a dhéanamh, srianta ábhartha maidir lena ndéanamh*

Cleachtas fíoneolaíoch

ATFC Cirò

Cineál cleachtais fhíoneolaíoch

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Tuairisc

Ní mór céimeanna fíonóireachta, stórála agus aosaithe fíonta dearga, rosé agus geala 'Cirò' a dhéanamh laistigh den limistéar táirgeachta a shainítear in Airteagal 3. Mar sin féin, i bhfianaise na gcleachtas traidisiúnta táirgthe, féadfar na céimeanna sin a dhéanamh freisin i mbardais nach n-áirítear a gcríoch ach go páirteach sa limistéar táirgeachta a shainítear in Airteagal 3 den tsonraíocht seo.

7.2. *Uastáirgeacht*

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cirò bianco

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	87,5
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cirò bianco

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	12 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cirò rosso agus rosato

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	80,5
Aonad uastáirgeachta:	heictilítear in aghaidh an heicteáir

Gach fíon / catagóir / cineál / cineál

Cirò rosso agus rosato

Uastáirgeacht:

Uastáirgeacht:	11 500
Aonad uastáirgeachta:	cileagraim d'fhíonchaora in aghaidh an heicteáir

8. **Léiriú ar an gcineál nó cineálacha fíonchaor óna dtáirgtear an fíon nó na fíonta**

An Iodáil - Gaglioppo N

An Iodáil - Greco Bianco B - Greco

9. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach sainithe**

Ní mór fíonchaora atá beartaithe chun fíonta dearga (lena n-áirítear na cineálacha 'Superiore' agus 'Superiore Riserva'), rosé agus geala 'Cirò' a tháirgeadh, a fhás sa limistéar táirgeachta, limistéar ina bhfuil críocha uile bhardais Cirò agus Cirò Marina agus cuid de chríocha bhardas Melissa agus Crucoli.

10. **Nasc leis an limistéar geografach**

Catagóir an táirge fíniúna

(1) Fíon

Achoimre ar an nasc

Cuimsíonn an limistéar geografach sainithe críocha uile bhardais Cirò agus Cirò Marina agus cuid de chríocha bhardais Melissa agus Crucoli. Tá an limistéar cumhdaithe go hiomlán le dríodar Pléicéineach atá ar bharr an bhonnlaigh chriostalta Phailéasóigh. Is é an gaineamh nó comhcheirtleáin an ghné is suntasaí de na cnoic agus is iad atá i gceist le cuid mhór den limistéar agus is é sin. Tagann fíon Cirò atá ann faoi láthair ó fhíon ar a dtugtaí 'Krimisa' sa chianaimsir. Is dócha go dtagann an t-ainm as an ainm 'Cremissa', ar chóilíneacht de chuid na Gréige a bhí i gceist leis, a bhí lonnaithe san áit ina bhfuil Cirò Marina sa lá atá inniu ann. Ba é Krimisa an fíon a tugadh mar bhronntanas do lúthchleasaithe buacacha Oilimpeacha.

11. **Tuilleadh ceanglas is infheidhme**

-

Ní bhaineann le hábhar

Tagairt leictreonach (URL) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeBLOB.php/L/IT/IDPagina/23393